C/2024/5765

25.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11620 — AXPO ITALIA / CANARBINO / ALG)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5765)

1. An 17 Meán Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Axpo Italia S.p.A. ('Axpo Italia', an Iodáil), faoi rialú Axpo International SA (Lucsamburg),

— Canarbino S.p.A. ('Canarbino', an Iodáil), faoi rialú Luna Verde S.r.l (an Iodáil),

— Alleanza Luce & Gas S.p.A. ('ALG', an Iodáil), faoi rialú Coop Alleanza 3.0 Società Cooperativa (an Iodáil).

Gheobhaidh Axpo Italia agus Canarbino rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar ALG ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Axpo Italia gníomhach i mórdhíol leictreachais agus gáis, i miondíol leictreachais agus gáis agus i ndíol táirgí fuinnimh agus a ndíorthaigh agus i dteastais fuinnimh san Iodáil,

— Tá Canarbino gníomhach i mórdhíol leictreachais agus gáis nádúrtha, i soláthar miondíola leictreachais agus gáis nádúrtha, agus i soláthar seirbhísí le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh san Iodáil,

— Tá ALG gníomhach i ndáileadh leictreachais agus gáis chuig teaghlaigh san Iodáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11620 — AXPO ITALIA / CANARBINO / ALG

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË